Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 12 Feabhra 2026
(OR. en)

10574/25
COR 1

Comhad Interinstitúideach:
2025/0162 (NLE)
2025/0163 (NLE)

AELE 60
CH 26
MI 432

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le leictreachas |

1. Cuirfear an leathanach seo a leanas in ionad leathanach EU/CH/ELECT/Iarscríbhinn I/ga 17:

(iii) léifear na tagairtí do ‘réigiúin ina bhfuil níos mó ná cúig Bhallstát’ in Airteagal 4(4), an chéad fhomhír, agus do ‘réigiúin ina bhfuil cúig Bhallstát nó níos lú’ in Airteagal 4(5), an tríú fomhír, mar ‘réigiúin ina bhfuil níos mó ná ceithre Bhallstát de chuid an Aontais agus an Eilvéis’ nó mar ‘réigiúin ina bhfuil ceithre Bhallstát de chuid an Aontais agus an Eilvéis nó níos lú’;

(iv) beidh feidhm ag na TCManna a glacadh cheana ar dháta sínithe an Chomhaontaithe seo san Eilvéis; agus

(v) déanfaidh NRA na hEilvéise TCManna nua nó leasaithe arna nglacadh ag ACER i gcomhréir leis an nós imeachta a bunaíodh le Rialachán (AE) 2016/1719 a chomhtháthú laistigh de 1 mhí amháin tar éis ghlacadh in ord rialála na hEilvéise. Beidh na TCManna infheidhme go sealadach san Eilvéis ó dháta a gcur i bhfeidhm san Aontas. Tiocfaidh deireadh le haon chur i bhfeidhm sealadach nuair a dhéanfaidh NRA na hEilvéise iad a chomhtháthú in ord rialála na hEilvéise.

10. 32017 R 2196: Rialachán (AE) 2017/2196 ón gCoimisiún 24 Samhain 2017 lena mbunaítear cód líonra maidir le héigeandálaí leictreachais agus athbhunú leictreachais (IO AE L 312, 28.11.2017, lch. 54, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/2196/oj)

11. 32016 R 1388: Rialachán (AE) 2016/1388 ón gCoimisiún 17 Lúnasa 2016 lena mbunaítear cód líonra maidir le nascadh éileamh (IO AE L 223, 18.8.2016, lch. 10, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/1388/oj)

Chun críocha an Chomhaontaithe seo, beidh na hinniúlachtaí a leagtar amach in Airteagal 51 den Rialachán sin ón gCoimisiún ag an gCoimisiún.

2. Cuirfear an leathanach atá i gceangal leis seo in ionad leathanach EU/CH/ELECT/Iarscríbhinn I/ga 19:

Léifear forálacha Rialachán (AE) 2017/1485, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis na hoiriúnuithe seo a leanas:

(a) maidir leis na téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí (‘TCManna’) a bhfuil sé beartaithe iad a ghlacadh faoi Rialachán (AE) 2017/1485:

(i) bíonn OCT na hEilvéise agus NRA na hEilvéise rannpháirteach in aon TCM nua nó leasaithe, agus cuirfear a mbarúlacha san áireamh agus cinneadh á dhéanamh maidir leis na TCManna;

(ii) chun críche vótála agus, dá bhrí sin, chun a chinneadh an bhfuil na tairseacha le haghaidh tromlaigh cháilithe bainte amach i vóta maidir leis na Ballstáit nó maidir le daonraí, cuirfear an Eilvéis agus a daonra san áireamh;

(iii) léifear na tagairtí do ‘réigiúin ina bhfuil níos mó ná cúig Bhallstát’ in Airteagal 5(5), agus do ‘réigiúin ina bhfuil cúig Bhallstát nó níos lú’ in Airteagal 5(7), mar ‘réigiúin ina bhfuil níos mó ná ceithre Bhallstát de chuid an Aontais agus an Eilvéis’ nó mar ‘réigiúin ina bhfuil ceithre Bhallstát de chuid an Aontais agus an Eilvéis nó níos lú’;

(iv) beidh feidhm ag an TCM a glacadh cheana ar dháta sínithe an Chomhaontaithe seo san Eilvéis; agus